

Preasráiteas. Tuarascáil Bhliantúil. An Coimisinéir Teanga, 2019

COSC: Déardaoin 21/5/2020. 07:00am

- *Imscrúdú den chéad uair ar fhoráil den Acht um Pleanáil agus Forbairt*
- *Ardú suntasach ar líon na ngearán le hOifig an Choimisinéara Teanga*
- *Ardú ar líon na gclár Gaeilge geallta ag RTÉ*

Sháraigh Comhairle Contae Chiarraí an dlí pleanála nuair nár chuir sí i bhfeidhm coinníoll teanga a bhí ag dul le cead pleanála do scéim tithíochta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, de réir imscrúdú a rinne an Coimisinéir Teanga.

Dúirt an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, gur “imscrúdú tábhachtach” a bhí anseo mar gheall ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag ardú ar líon na ndaoine nach cainteoirí Gaeilge iad “ar thodhchaí na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht”.

“Tá géarchéim teanga sa Ghaeltacht mar atá agus mura gcloítear leis an dlí atá ann le cosaint a thabhairt don Ghaeilge sa Ghaeltacht is amhlaidh gur in olcas a rachaidh an scéal,” arsa an Coimisinéir Teanga.

Síod í an chéad uair a rinneadh fiosrúchán maidir le foráil de chuid an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Tá eolas faoin imscrúdú sin le fáil i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisinéara Teanga, a foilsíodh inniu.

De réir na tuarascála, tháinig ardú suntasach (11%) ar líon na ngearán a rinneadh le hOifig an Choimisinéara Teanga anuraidh. Dúirt an Coimisinéir Teanga gur léiriú é an t-ardú ar líon na ngearán ar na deacrachtaí leanúnacha atá ag daoine seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a fháil.

Bhain formhór na ngearán le comharthaíocht agus stáiseanóireacht, freagraí i mBéarla ar chumarsáid i nGaeilge, comharthaí bóthair agus deacrachtaí maidir le húsáid ainmneacha agus sloinnte i nGaeilge.

Tugtar uasdátú sa Tuarascáil Bhliantúil ar an bhfreagra a thug RTÉ ar chinneadh an Choimisinéara gur sháraigh RTÉ an dlí craolacháin maidir lena dhualgas i leith na Gaeilge agus 99.3% dá sceideal teilifíse i mBéarla amháin.

D’fháiltigh an Coimisinéir Teanga roimh ghealltanais a fuair sé ó RTÉ go dtiocfadh ardú suntasach ar líon na gclár Gaeilge a chraolfar ar chainéil teilifíse an stáisiúin i mbliana, ach dúirt sé go gcaithfí tuilleadh a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh a ndualgais teanga faoin Acht á gcomhlíonadh go hiomlán ag an ggraoltóir.

Leag an Coimisinéir Teanga béim chomh maith ina thuarascáil ar an ngá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a leasú. Dúirt sé nach dtéann an Bille leasaithe a foilsíodh ag deireadh na bliana anuraidh i ngleic mar ba chóir leis an easpa seirbhísí Stáit atá ar fáil trí Ghaeilge. Tharraing sé aird chomh maith ar an scéala nach raibh sprioc-am luaithe sa Bhille maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge a deirtear a earcófar sa tseirbhís phoiblí.

Tuilleadh eolais:

Órla de Búrca, Stiúrthóir Gníomhach, Oifig an Choimisinéara Teanga. 087 2307182 /091 504006

www.coimisineir.ie  eolas@coimisineir.ie  [@ceartateanga](https://twitter.com/ceartateanga)